## Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

**Aistear**
*Téamaí*: *Folláine agus Leas*, *Féiniúlacht agus Muintearas*, *Cumarsáid*, *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*
*Treoirlínte le haghaidh an Dea-Chleachtais*: *Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta*(lgh 27-51)

**Caighdeáin Síolta**
1: Cearta an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3
5: *Idirghníomhaíochtaí*, C5.1, 5.2, 5.3, 5.4, 5.5
*Achoimre Taighde* nasctha leis an *gCaighdeán thuas*

## An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

Cabhróidh an **Uirlis Féinmheastóireachta** seo leat machnamh a dhéanamh ar do chuid idirghníomhaíochtaí mar chleachtóir aonair nó mar bhall d'fhoireann ag obair le **leanaí óga atá 3-6 bliana d'aois**.

**1.** Tá an uirlis seo roinnte ina **3 ghné**.

- Caidrimh a thógáil
- An fhoghlaim a éascú
- An fhoghlaim a stiúradh agus a threorú

**2.** Tá **sraith ráiteas** ag gabháil le gach gné. I gcás gach ráitis, roghnaigh an abairt i measc na n-abairtí seo a leanas is fearr a léiríonn do chleachtas reatha.

| | |
|---|---|
| Riamh/Go hAnnamh | Is annamh a dhéanaim é seo. |
| Uaireanta | Déanaim é seo má chuimhním air/nuair a chuimhním air. |
| Go Rialta | Déanaim iarracht é seo a dhéanamh chomh minic agus is féidir liom. |
| Beagnach i gCónaí | Déanaim é seo an chuid is mó den am. |

Más mian leat nótaí a bhreacadh síos maidir le haon cheann de na ráitis, úsáid an bosca atá ann chuige sin.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

**3.** Feicfidh tú **noda machnaimh** tar éis gach gné.
Agus tú ag déanamh machnaimh orthu seo, smaoinigh ar do chleachtas — ar a ndéanann tú agus ar an gcaoi a ndéanann tú é. Cabhróidh sé seo leat a aithint cé na nithe a bhfuil ag éirí go maith leo agus na dúshláin laistigh de gach gné.

**4.** Breac síos na hathruithe is mian leat a dhéanamh.

**5.** Tar éis duit an Uirlis Féinmheastóireachta a úsáid, d'fhéadfadh sé gurbh fhiú duit breathnú ar na leathanaigh *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Acmhainní le Comhroinnt* ar **aistearsiolta.ie**.

**6.** Cabhróidh an Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta sa rannán *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* leat pleanáil le haghaidh na n-athruithe ar leith a shocróidh tú a dhéanamh.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

**Ainm an Chleachtóra**

**Dáta** LL/MM/BB

## Gné 1: Caidrimh a chothú

Is éard atá i gceist le caidrimh a thógáil ná tacú le leanaí bheith ar a suaimhneas le daoine eile, taitneamh a bhaint as an gcuideachta agus idirghníomhú leo ar chúiseanna éagsúla. Áirítear leis timpeallacht a chruthú ina mothaíonn leanaí slán sábháilte agus muiníneach chun caidreamh a dhéanamh, rioscaí a ghlacadh, taiscéaladh, páirt a ghlacadh in eispéiris dhúshlánacha, agus a bhfoghlaim féin a threorú agus a chomhthreorú.

| | Agus caidrimh á dtógáil sa suíomh, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | léirímid do leanaí óga gur breá linn a bheith leo agus go dtuigimid iad trí idirghníomhú leo **ar bhealach cairdiúil, lách, spraíúil, agus foighneach** agus trí **labhairt le tuin chainte réidh** agus trí úsáid a bhaint as **comharthaíocht choirp fháilteach.** | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 2 | Cothaímid idirghníomhaíochtaí dearfacha le leanaí agus eatarthu. Tugaimid deiseanna do gach leanbh idirghníomhú lena **bpiaraí** agus le **leanaí d'aoiseanna éagsúla** i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga agus, uaireanta, i ngrúpaí móra. Tugaimid deiseanna do dheartháireacha agus do dheirfiúracha bualadh le chéile i rith an lae. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 3 | cuirimid idirghníomhaíochtaí in oiriúint do na **meonta éagsúla** a bhíonn ag leanaí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 4 | bíonn meas againn ar roghanna leanaí le **súgradh ina n-aonar nó in éineacht le chéile** agus tugaimid tacaíocht do na leanaí siúd ar deacair dóibh súgradh le daoine eile. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 5 | úsáidimid an gnáthamh laethúil le **hidirghníomhú go mothálach le gach leanbh agus freagraímid iad go measúil, go comhsheasmhach agus go hiomchuí** d'fhonn caidrimh mhuiníneacha a chothú. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna / Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige / Department of Children and Youth Affairs

## Gné 1: Caidrimh a chothú

| | Agus caidrimh á dtógáil sa suíomh, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Tacaímid le leanaí **teacht aniar a fhorbairt** nuair a bhíonn rud éigin mícheart agus tugaimid sólás dóibh nuair a bhíonn siad trína chéile, mar shampla, tar éis taisme bheag sa leithreas. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 7 | **éistimid go cúramach le leanaí agus léirímid suim agus meas orthu** nuair a bhíonn siad ag labhairt agus ag insint scéalta faoina saol teaghlaigh, a bpobal, a gcultúr nó imeachtaí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 8 | **labhraímid go deas socair agus mall** le tuin mheasartha nuair a bhímid ag idirghníomhú, go háirithe nuair a bhíonn fearg ar an leanbh nó nuair a bhíonn sé trína chéile. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 9 | tacaímid le leanaí nach gnách leo labhairt trína gcuid leideanna neamhbhriathartha agus gothaí, agus a gcomharthaíocht choirp a léamh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 10 | **féachaimid sna súile ar leanaí** agus iad ag déanamh cumarsáide, ach cuimhnímid nach ndéantar amhlaidh i gcultúir áirithe. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 11 | bainimid cothromaíocht amach **idir gníomhaíochtaí faoi stiúir an duine fhásta agus gníomhaíochtaí faoi stiúir an linbh**, inar féidir leis na leanaí a gcuid foghlama féin a stiúradh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 1: Caidrimh a chothú

| | Agus caidrimh á dtógáil sa suíomh, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **12** | glacaimid páirt i **súgradh** na leanaí in éineacht leo. Bímid ar an leibhéal céanna leo go fisiciúil le linn gníomhaíochtaí, plé, insint scéalta grinn agus scéalta. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **13** | cabhraímid le leanaí **scileanna teanga, éisteachta agus smaointeoireachta a fhorbairt** trí straitéis an 'leathnaithe', chun cur lena stór focal trí fhocail nó trí smaointe a chur lena ndeir siad féin, mar shampla, nuair a deir leanbh *liathróid*, is é a deirimid *Is ea, is liathróid mhór, ghlasta é sin*. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **14** | léirímid **iompar cuí**, tugaimid teachtaireachtaí soiléire, comhsheasmhacha i ndáil leis, agus tugaimid aiseolas do leanaí láithreach bonn, rud a threisíonn a gcuid idirghníomhaíochtaí agus focal ar bhealach dearfach, in áit *maith thú* a rá, deirimid *Is iontach an cúnamh a thug tú le caoi a chur ar an gcúinne baile*. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **15** | tugaimid **eiseamláir de theanga mheasúil** do leanaí agus muid ag idirghníomhú leo féin, lena dtuismitheoirí agus le daoine fásta eile trí *más é do thoil é, go raibh maith agat agus gabh mo leithscéal* a rá. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **16** | spreagaimid leanaí chun fadhbanna a réiteach as a stuaim féin agus ní thugaimid cúnamh dóibh ach amháin nuair a iarrann siad é nó nuair a bhíonn sé de dhíth orthu, mar shampla, *A thiarcais! Tá uisce ar an urlár, cén chaoi a mbeimid in ann é a ghlanadh suas sula sleamhnóidh duine éigin air?* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **17** | **aithnímid mothúcháin na leanaí agus tugaimid ainm orthu**, go háirithe má tá aighneas ann, mar shampla, *feicim go bhfuil an-fhearg ort, a Sheáin, tá tú ag greadadh do chos ar an urlár agus ag béicíl, agus feicim freisin go bhfuil an-bhrón ar Áine, tá sise ag caoineadh.* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

## Gné 1: Caidrimh a chothú

| | Agus caidrimh á dtógáil sa suíomh, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **18** | úsáidimid ráitis sa chéad phearsa chun **díriú ar an bhfadhb** seachas ar an leanbh, mar shampla *Tá imní orm go mbeidh tú gortaithe má dhéanann tú é sin.* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **19** | déanaimid **idirghabháil ar bhealach diongbháilte, cóir, cothrom** nuair a deir leanaí focail nó nuair a úsáideann siad gothaí a ghoilleann ar dhaoine eile agus a léiríonn go bhfuil drochmheas acu ar a bhféiniúlacht, a gcumas, a n-inscne, a struchtúr teaghlaigh, nó ar aon ghné ilchineálachta eile. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **20** | spreagaimid leanaí **chun bá a bheith acu** trí iarraidh orthu breathnú ar rudaí trí shúile an duine eile agus tugaimid tacaíocht dóibh a aithint céard a tharla agus conas a mhothaíonn siad, mar shampla, in ionad a fhiafraí díobh *An bhfuil aiféala ort?*, tugaimid seans dóibh leithscéal a ghabháil as a stuaim féin. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 1: Caidrimh a chothú

### Noda Machnaimh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** i dtaobh caidrimh a thógáil le leanaí óga.

- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat nuair a bhí caidrimh a dtógáil agat le leanaí óga.

- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

**Ainm an Chleachtóra**

**Dáta** LL/MM/BB

## Gné 2: An fhoghlaim a éascú

Is é atá i gceist le foghlaim a éascú leanaí a spreagadh chun a gcuid foghlama féin a threorú as a stuaim féin nó le daoine eile. Baineann sé freisin le ról a thabhairt dóibh i roghanna agus i gcinntí a ghlacadh agus le ligean dóibh a mhothú go bhfuil siad i gceannas. Is taithí thaitneamhach, spreagúil agus thairbhiúil a bhíonn san fhoghlaim nuair a thugann leanaí a ndúshláin féin agus nuair a chuireann siad leis an eolas, an tuiscint agus na scileanna atá acu cheana féin

| | Agus an fhoghlaim á héascú, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | déanaimid **mar a dhéanann na leanaí**, foghlaimímid faoi na rudaí a bhfuil suim acu iontu, agus tugaimid moltaí dóibh nuair a iarrann siad orainn nó nuair is iomchuí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 2 | bíonn meas againn ar smaointe na leanaí, fiafraímid díobh cé na tuairimí atá acu agus **déanaimid rannpháirteach sa chinnteoireacht iad**, mar shampla, *céard a cheapann tú gur chóir dúinn a dhéanamh agus muid ag pleanáil ár dturais chuig an siopa peataí? An bhfuil aon tuairim agat cén chaoi a bhféadfaimis é seo a dhéanamh?* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 3 | spreagaimid leanaí atá cainteach chun **a gcuid riachtanas, mothúchán agus smaointeoireachta a chur i bhfocail**, mar shampla, *inis dom céard atá ag teastáil uait.* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 4 | tugaimid **deis** do leanaí a gcuid smaointe a chur i dtoll a chéile agus tugaimid focail agus frásaí dóibh d'fhonn iad a spreagadh lena gcur féin in iúl go héifeachtach ionas go dtuigfear iad. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 5 | spreagaimid leanaí chun **fadhbanna a réiteach** agus léirímid é sin trí réasúnú, idirbheartú, teacht ar chomhréitigh agus scileanna éisteachta a úsáid leo, mar shampla, *cén chaoi a mbeimid in ann a chinntiú go mbeidh seal ag gach duine? Céard a tharlóidh má bhainimid triail as ar an gcaoi seo? An gceapann tú go n-oibreoidh sé?* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 2: An fhoghlaim a éascú

| | Agus an fhoghlaim á héascú, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | bíonn **ionchais réadúla atá dúshlánach go leor** againn maidir le gach leanbh, agus coinnímid i gcuimhne i gcónaí aois agus céim forbartha an linbh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 7 | tacaímid le foghlaim agus le forbairt na leanaí uile trí **ghníomhaíochtaí a chur in oiriúint** dá gcuid riachtanais agus inniúlachtaí aonair. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 8 | tugaimid deiseanna do na leanaí uile **teangacha a shealbhú ar bhonn nádúrtha** agus ní chuirimid brú orthu dara teanga a fhoghlaim. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 9 | tacaímid le **leanaí nach bhfuil Béarla ná Gaeilge acu ó dhúchas** trí fhriotal a léiriú agus deis a thabhairt dóibh a dteanga a úsáid ar a luas féin. Daingnímid a gcuid iarrachtaí agus bainimid úsáid as leideanna amhairc agus muid ag labhairt ionas go dtuigfidh siad a bhfuil i gceist againn. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 10 | cabhraímid le **leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu** trí thacú leo idirghníomhú agus cumarsáid a dhéanamh ar a mbealach féin nó le modhanna malartacha cumarsáide, amhail an teanga chomharthaíochta nó an teicneolaíocht oiriúnaitheach. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 11 | cuirimid **an Ghaeilge, agus an cultúr agus an oidhreacht a bhaineann léi,** chun cinn nuair is féidir linn, mar shampla, trí fhrásaí agus amhráin Ghaeilge a úsáid, amhail *go raibh maith agat*, *slán abhaile*, agus trí *Sheachtain na Gaeilge* a cheiliúradh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

## Gné 2: An fhoghlaim a éascú

| | Agus an fhoghlaim á héascú, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 12 | bainimid **cothromaíocht** amach idir ceisteanna agus tráchtanna i gcomhráite le leanaí óga d'fhonn a gcuid smaointeoireachta a chur chun cinn agus a leathnú, mar shampla, *nach suimiúil an pictiúr d'ainmhithe é sin, a Amy, céard a cheapann tú atá ag tarlú ann?* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 13 | ní thugaimid freagraí láithreach ar cheisteanna leanaí agus ina áit tosaímid a chomhrá ionas **go bhféadfaimis smaoineamh orthu le chéile**, mar shampla, *cén fáth ar rolláil an carr síos an clár?* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 14 | **leathnaímid smaointeoireacht na leanaí** trí eolas a chur ar fáil faoi na hábhair spéise atá acu ag an am d'fhonn iad a chur ar an eolas agus iad a spreagadh chun smaoineamh faoin am atá le teacht, an t-am sin a thuar, agus súgradh go samhlaíoch, mar shampla, *má chuirimid bríce faoin droichead seans go mbeidh sé cothrom ansin?* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 15 | glacaimid sos le machnamh d'fhonn a chinntiú **go bpléimid go mothálach le súgradh agus le hidirghníomhaíochtaí leanaí** agus tuigimid gurbh fhearr **fanacht** uaireanta agus roinnt am breise a thabhairt roimh phlé leo. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 16 | Breathnaímid ar na leanaí mar dhaoine inniúla, muiníneacha agus cuirimid a gcuid neamhspleáchais chun cinn trína spreagadh **chun rudaí a dhéanamh as a stuaim féin.** | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 17 | táimid feasach ar **fhéiniúlacht** forbraíochta na leanaí agus spreagaimid na suimeanna a bhíonn ag **buachaillí agus cailíní**, agus seachnaímid steiréitíopaí inscne. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna / Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige / Department of Children and Youth Affairs

## Gné 2: An fhoghlaim a éascú

| | Agus an fhoghlaim á héascú, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **18** | cabhraímid le leanaí láidreachtaí agus scileanna a chéile a fheiceáil, mar shampla, *Tá neart ar eolas ag Séamaí faoi dhineasáir*. Cabhraíonn sé seo le leanaí **a gcuid ilchineálachta** a aithint agus meas a bheith acu uirthi, agus**bheith ag obair le chéile.** | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **19** | tuigimid go maith gur tábhachtach an rud é spreagadh a thabhairt do leanaí **bród a bheith orthu** chun **an Ghaeilge agus oidhreacht na nGaeltachtaí** a chaomhnú. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **20** | bainimid úsáid as **ceisteanna agus tráchtanna ceannoscailte** chun smaointe, plé agus tús-smaointeoireacht a threorú. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **21** | atreisímid **inniúlachtaí sóisialta agus mothúchánacha a thagann chun cinn**, mar shampla, deirimid le leanaí gur mór an chabhair iad, go n-éisteann siad go maith, nó gur cara mór linn iad. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |


NCCA
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

Gné 2: An fhoghlaim a éascú

## Noda Machnaimh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** i dtaobh an fhoghlaim a éascú le leanaí óga.

- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat nuair a bhí an fhoghlaim á héascú agat le leanaí óga.

- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

**Ainm an Chleachtóra**

**Dáta** LL/MM/BB

## Gné 3: An fhoghlaim a stiúradh agus a threorú

Is é atá i gceist leis an bhfoghlaim a stiúradh agus a threorú ná cabhrú le leanaí foghlaim trí ghníomhaíochtaí pleanáilte agus treoraithe ina gcuirtear lena réimsí spéise agus ina ndírítear ar mheonta, luachanna agus dearcthaí, scileanna, eolas agus tuiscint a fhorbairt.

| | Agus an fhoghlaim á stiúradh agus á treorú, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | treoraímid roinnt **gníomhaíochtaí cuí a gcuireann daoine fásta tús leo** atá idir spraíúil agus thaitneamhach, atá nasctha le hábhair spéise na leanaí, agus a thacaíonn lena gcuid foghlama agus forbartha. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **2** | déanaimid **eispéiris a phleanáil** a bhfuil sé mar aidhm acu **leanaí a bheith rannpháirteach go gníomhach** agus a thugann a ndúshlán ar bhealach cuí, mar shampla, socraímid siopa ina bhfuil fíorairgead, scipéad airgid, scálaí, peann agus páipéar. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **3** | tugaimid **am agus tacaíocht chuí** do leanaí chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a gcuireann daoine fásta tús leo agus chun iad a chur i gcrích. Agus, cuirimid san áireamh nach ionann na hinniúlachtaí a bhíonn ag leanaí éagsúla agus cuirimid gníomhaíochtaí in oiriúint do na riachtanais éagsúla a bhíonn acu dá bharr sin. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **4** | pléimid 'na rialacha' leis na leanaí agus **ullmhaímid rialacha le chéile** le go dtuigfidh siad cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint leis na rialacha seo, mar shampla, caithfidh gach duine an cluiche a imirt ar a sheal. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **5** | tugaimid **eolas soiléir do leanaí** nuair a threoraímid gníomhaíocht ionas go dtuigfidh siad céard atá ag tarlú, céard atá le déanamh acu, agus cén fáth a gcaithfidh siad é sin a dhéanamh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 3: An fhoghlaim a stiúradh agus a threorú

| | Agus an fhoghlaim á stiúradh agus á treorú, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | tugaimid **aiseolas** do leanaí faoi na rudaí atá cruthaithe acu, faoi na rudaí atá faighte amach acu, agus faoi na tascanna atá curtha i gcrích acu, mar shampla, *is mór millteach an róbat a thóg sibh le chéile!* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 7 | déanaimid gníomhaíochtaí a phleanáil **a bhfuil an tsealaíocht i gceist leo** agus léirímid é sin, mar shampla, *tá mé chun fanacht go dtí go mbeidh Jeaic críochnaithe leis an leabhar, ansin gheobhaidh mé é lena léamh.* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 8 | bainimid úsáid as gníomhaíochtaí agus as comhráite le **feasacht a fheabhsú ar an éagsúlacht agus meas a chothú uirthi**. Cuirimid ar fáil réimse bréagán, leabhar agus trealaimh ina léirítear leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta, cúlraí difriúla teaghlaigh, teangacha difriúla agus cultúir dhifriúla. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 9 | **éistimid go gníomhach le leanaí**, go háirithe nuair a bhíonn smaointe nua á dtabhairt isteach againn. Tugaimid am dóibh chun machnamh agus freagra a thabhairt. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 10 | **ceistímid smaointeoireacht agus tuiscint na leanaí** trí cheisteanna ceannoscailte a chur orthu bunaithe ar a bhfuil ar eolas acu cheana chun foghlaim agus tuiscint nua a fhorbairt. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 11 | tugaimid isteach ábhair nua bunaithe ar na rudaí a mbíonn suim ag na leanaí agus againn féin iontu agus **oibrímid leis na leanaí a phleanáil** eispéireas agus gníomhaíochtaí a chabhróidh leo meonta a chothú agus scileanna, luachanna, dearcthaí, eolas agus tuiscint a fhorbairt. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 3: An fhoghlaim a stiúradh agus a threorú

| | Agus an fhoghlaim á stiúradh agus á treorú, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 12 | **léirímid fuaimniú ceart focal** trí na focail a rá mar is ceart seachas bheith ag rá le leanaí go bhfuil siad mícheart, mar shampla, *Tabhair mé mo charr amuigh. Is ea, thug tú do charr amach.* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 13 | i suíomhanna Gaeltachta, áit arb í **an Ghaeilge céad teanga** na leanaí í, leagaimid béim ar fhorbairt agus ar shaibhriú na teanga, go háirithe ar an gcanúint áitiúil, trí ghníomhaíochtaí amhail an amhránaíocht agus an damhsa ar an sean-nós, dánta dúchasacha, agus rannta do pháistí sa ghnáthamh laethúil. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 14 | **úsáidimid teanga dhearfach** agus treoracha samplacha, mar shampla *Tógaimis go réidh é leis na lámha* in ionad *Ná gortaígí a chéile.* | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

## Gné 3: An fhoghlaim a stiúradh agus a threorú

### Noda Machnaimh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** i dtaobh an fhoghlaim a stiúradh agus a threorú le leanaí óga.

- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat nuair a bhí an fhoghlaim á stiúradh agus á treorú agat le leanaí óga.

- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs